II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/859 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Bealtaine 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(1) agus Airteagal 12 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 bunaíodh ainmníocht chomhcheangailte earraí ("AC") chun ceanglais na Comhtharaife Custaim, staidreamh trádála eachtraí an Aontais, agus bheartais eile de chuid an Aontais a bhaineann le hallmhairiú nó onnmhairiú earraí a chomhlíonadh an tráth céanna.

(2) Tá AC bunaithe ar ainmníocht Chóras Comhchuibhithe na hEagraíochta Domhanda Custaim ("CC"), a leasaíodh de bhun Mholadh na Comhairle um Chomhar Custaim an 28 Meitheamh 2019 ("CC 2022"). Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1832 ([2]) ón gCoimisiún, a cuireadh in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón 1 Eanáir 2022, cuireadh na leasuithe sin chun feidhme i leagan 2022 de AC ("AC 2022").

(3) In CC 2022, cruthaíodh fo-cheannteideal ar leith 4421 20 00 le haghaidh "cónraí". In AC 2021, aicmíodh "cónraí as clár snáithíneach" faoi chód AC 4421 99 10 le ráta dleachta custaim de 4 %, agus aicmíodh "cónraí as ábhair eile" faoi chód AC 4421 99 91 leis an ráta dleachta custaim "Díolúine". Leis na leasuithe ar CC 2022, in AC 2022, aistríodh "cónraí as clár snáithíneach" chuig an gcód AC nua 4421 20 00 leis an ráta dleachta custaim "Díolúine".

(4) Chun an chóireáil taraife chéanna agus atá in AC 2021 a fhorchur in 2022, is gá AC 2022 a leasú chun na leasuithe ar CC 2022 a chur san áireamh agus chun foráil a dhéanamh maidir le foroinn ar leith le haghaidh "cónraí as clár snáithíneach".

([1]) IO L 256, 7.9.1987, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1832 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 385, 29.10.2021, lch. 1).

(5) In CC 2022, cruthaíodh ceannteideal ar leith 8485 maidir le "Meaisíní chun breiseáin a mhonarú", a dtugtar "printéirí 3T" orthu freisin, agus rinneadh é a fhoroinnt a thuilleadh i gcatagóirí éagsúla de réir leagan síos na n-ábhar éagsúil (mar shampla, "trí mhiotal a leagan síos", "trí phlástar, stroighin, ceirmigh nó gloine a leagan síos", etc.). Chun ceannteideal 8485 a chruthú, ba ghá na meaisíní sin a aistriú ó fho-cheannteidil éagsúla de chuid AC 2021 ([3]) agus cóid shonracha AC a chruthú chun an chóireáil taraife chéanna a dheonú agus a deonaíodh in AC 2021.

(6) In AC 2021, aicmíodh "meaisíní chun breiseáin a mhonarú trí ghaineamh, coincréit nó mianra eile a leagan síos" faoi fho-cheannteideal 8474 80 90 "Eile", leis an ráta dleachta custaim "Díolúine". Tar éis leasuithe a dhéanamh ar CC 2022, aicmítear na táirgí sin, in AC 2022, faoin bhfo-cheannteideal nua 8485 80 00, le ráta dleachta custaim de 1,7 %.

(7) Chun leanúint den chóireáil taraife chéanna a dheonú agus a deonaíodh in 2021 do na "meaisíní chun breiseáin a mhonarú le breiseán gainimh, coincréite nó táirgí mianracha eile", is gá AC 2022 a leasú trí fhoráil a dhéanamh maidir le foroinn ar leith atá saor ó dhleacht.

(8) Ina theannta sin, in AC 2022, ba cheart páirteanna de na meaisíní sin an chóireáil taraife chéanna a fháil agus atá in AC 2021. Is iomchuí, dá bhrí sin, an tuairisc ar chód AC 8485 90 10 a leasú chun páirteanna a chur san áireamh inti a bhaineann le "meaisíní chun breiseáin a mhonarú trí ghaineamh, coincréit nó táirgí mianracha eile a leagan síos".

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 a leasú dá réir.

(10) Chun a áirithiú gurb ionann an chóireáil taraife in 2022 le haghaidh phrintéirí 3T agus a bpáirteanna agus an chóireáil taraife a bhí ann in 2021, ba cheart feidhm a bheith ag na leasuithe comhfhreagracha ón 1 Eanáir 2022.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 de réir mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Is ón 1 Eanáir 2022 a bheidh feidhm ag pointe 2 den Iarscríbhinn.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Bealtaine 2022.

Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Gerassimos THOMAS
An tArd-Stiúrthóir
Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1577 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2020 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 361, 30.10.2020, lch. 1).

IARSCRÍBHINN

1. In Iarscríbhinn I, Cuid a Dó, de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh chód 4421 20 00:

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
"**4421 20 00**	**– Cónraí**	Díolúine [1]	p/st

[1] as clár snáithíneach: **4**.".

2. In Iarscríbhinn I, Cuid a Dó, de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na n-iontrálacha le haghaidh chóid 8485 80 00 go 8485 90 90:

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
"**8485 80 00**	– **Eile**	1,7 [1]	p/st
8485 90	– **Páirteanna:**		
8485 90 10	– – Páirteanna de mheaisíní atá faoi cheannteideal 8485 30 10; Páirteanna de mheaisíní chun breiseáin a mhonarú trí ghaineamh, coincréit nó táirgí mianracha eile a leagan síos	Díolúine	p/st
8485 90 90	– – Eile	1,7	p/st

[1] Meaisíní chun breiseáin a mhonarú trí ghaineamh, coincréit nó táirgí mianracha eile a leagan síos: **Díolúine**.".